

## ‘Ó Aleppo go Beirlín: Éalaíonn Dream Deartháireacha ó Chogadh Cathartha’

Tá 2.5 milliún ciliméadar cearnach den Mheánmhuir amach rompu. Tá seisear fear óg ón tSiria, ceathrar deartháireacha agus beirt chairde, tar éis teitheadh ó chogadh cathartha sa bhaile. Tar éis 15 uaire an chloig, tá dhá long le feiceáil ag bun na spéire: garda cósta na hIodáile. Tosaíonn na himircigh ag béicíl ‘Italia’. Tugtar na himircigh chuig oileán Lampedusa. Ag an ionad d’iarrthóirí tearmainn, is léir cé chomh mór atá mórphlódú na n-imirceach sa cheantar beag teorann seo san Iodáil. Ón áit sin, bogann na húdaráis na deartháireacha go dtí an tSicil agus ar a theacht ansin dóibh scaoiltear saor iad. Tógann siad an chéad traen oíche ó thuaidh go Milano. Is é seo an áit a mbuaileann Voice of America (VOA) leo; tá siad neirbhíseach, traochta agus scanraithe, iad anseo ar bhinse fuar marmair i dtimpeallacht ornáideach stáisiún Milano. Labhraíonn an deartháir is sine faoin aistear a bhí acu.

‘D’éalaíomar go dtí an Iordáin agus amach ansin go dtí an Ailgéir. Ansin, chuamar go mídhleathach go dtí an Libia; thóg sé cúig lá orainn an gaineamhlach a thrasnú. Bhí sé thar a bheith deacair. Cúig lá a bhíomar ar imeall an bháis. Bhaineamar Tripilí amach, agus as sin shroicheamar Sabratha. Bhí anchuid deacrachtaí ann toisc go raibh na gáinneálaithe ag goid uainn. Ansin, d’éalaíomar agus thógamar an bád go dtí Lampedusa.’

Dúirt sé go raibh an turas báid níos scanrúla ná an cogadh sa bhaile. ‘B’aistear báis é. Ní fhanann smaoineamh i d’aighe. Stopann tú ag smaoineamh ar dhuine nó ar rud ar bith, ní smaoineann tú ort féin fiú. Is ag maireachtáil ó nóiméad go nóiméad ar an aistear crua seo atá tú. Is mothúchán fíoraisteach é.’

Tá an ceathrar deartháireacha ar a mbealach ar ais go dtí an Ghearmáin ar an traen oíche. Tá athair na ndeartháireacha i mBeirlín cheana féin. Tá a máthair fós sa tSiria.

‘Chailleamar aon todhchaí a bhí againn sa tSiria. Idir an dá linn, tá súil againn go mbeimid in ann todhchaí éigin a bhaint amach dúinn féin sa Ghearmáin, agus tá súil againn go n-éireoidh cúrsaí níos fearr sa tSiria ionas go bhféadfaimid dul ar ais le maireachtáil ann.

Leis an am beagnach istigh, bailíonn siad a gcuid earraí agus téann siad i dtreo an ardáin. Iarrann siad ar VOA gan iad a thaifeadadh agus iad ag dul ar bord na traenach. Faoin dlí Eorpach, ní mór d’imircigh iarratas a dhéanamh ar thearmann sa chéad tír a sroicheann siad. Uaireanta, téann póilíní ar thóir na n-imirceach sna carráistí traenach agus seoltar ar ais go dtí an Iodáil iad. Cinnfear todhchaí na ndeartháireacha ar an traen seo. Ar feadh dhá lá, níl aon scéala faighte. Agus ansin, faigheann VOA teachtaireacht; bhain na deartháireachta München amach. I ndiaidh oíche i dtearmann na dteifeach, tá siad ar a mbealach ar ais go Beirlín. Táimid in ann bualadh leo go hantapa ar an traen; tá faoiseamh agus sonas le feiceáil. ‘Táim ag tnúth le m’athair a fheiceáil arís tar éis sé bliana scartha uaidh. Tá dóchas agam gur féidir liom mo mháthair a fheiceáil arís go luath freisin agus gur féidir linn a bheith mar aon teaghlach amháin, gach duine le chéile.’

Sheol an deartháir is sine físeán chuig VOA ina dtaispeántear na fir óga ag bualadh lena n-athair ag ardán an stáisiúin i mBeirlín. Is cás tragóideach é géarchéim na dteifeach san Eoraip. Ní bheidh sé éasca é a réiteach. Ach ar a laghad, i gcás na ndeartháireacha seo agus a gcairde, bhí toradh maith ar a n-éalú thar ghaineamhlach agus thar farraige.